



Cás T-331/24

(foilsíú ina shleachta)

Juan Costa Pujadas

v

Oifig um maoine intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Breithiúna na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 3 Meán Fómhair 2025

(Dearadh an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh cláraithe an Aontais Eorpaigh lena léirítear rialaitheoir luais – Foras neamhbhailíochta – Easpa gné shainiúil – Saintréithe infheicthe atá ina gcomhpháirt de tháirge casta – Na coincheapa ‘gnáthúsáid’ agus ‘infheictheacht’ – Airteagal 4(2) agus (3) agus Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Dualgas cruthúnais)

1. *(Dearadh an Aontais Eorpaigh – Coinníollacha cosanta – Dearadh nó samhail atá ina comhpháirt de tháirge casta – Comhpháirt nua agus a bhfuil gné shainiúil aici – Riachtanas an chomhpháirt a bheith infheicthe le linn ghnáthúsáid an táirge – Critéir mheasúnaithe (Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle, Airteagal 4, § 2 agus 3)*

(féach míreanna 65-68, 71, 76, 79)

2. *(Dearadh an Aontais Eorpaigh – Forais neamhbhailíochta – Dearadh nó samhail atá ina comhpháirt de tháirge casta – Léiriú ar rialaitheoir luais (Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle, Airteagail 4, § 2 agus 25, § 1, (b))*

(féach míreanna 72, 77, 80-83)

Résumé

Le caingean le haghaidh neamhniú os a comhair, a dhíbheann sí, tugann an Chúirt Ghinearálta soiléiriú ar an gceanglas maidir le hinfeictheacht dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de Rialachán Uimh. 6/2002¹ agus sonraíonn sí, *inter alia*, an gcomhlíontar an ceanglas sin le comhpháirt de tháirge casta.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearáí an Aontais Eorpaigh (IO 2002 L 3, lch. 1), sa leagan roimh theacht i bhfeidhm do Rialachán (AE) 2024/2822 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2822)

Is é Juan Costa Pujadas, an t-iarratasóir, dílseánach dearaidh an Aontais Eorpaigh lena léirítear rialaitheoir luais, atá ceaptha lena bheith feistithe i ngluaisrothair², a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar do dhá fheistiú éagsúla, eadhon 'feistiú seachtrach' nó 'feistiú inmheánach'. I mí Eanáir 2022, ar bhonn easpa úrnuachta agus ar easpa gné shainiúil an dearaidh³, chuir Yasunimotor, SL, an t-idiragraí, iarratas faoi bhráid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) ar dhearbhu neamhbhailíochta an dearaidh sin, rud ar sheas an Rannán Neamhbhailíochta leis.

Thionscain an t-iarratasóir caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair Bord Achomhairc EUIPO, a dhíbh í ar an bhforas ach raibh an chomhpháirt den rialaitheoir luais is ábhar don dearadh atá faoi chonspóid, a luaithe a chuirtear isteach sa táirge casta í, infheicthe go soiléir le linn a ghnáthúsáide.

Is sa chomhthéacs sin a cuireadh an iarraidh ar neamhniú chinnidh an Bhoird Achomhairc faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

Breithniú na Cúirte Ginearálta

Ina theannta sin, agus mar a meabhraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo, is léir ó Airteagal 4(2) den Rialachán sin nach meastar dearadh an Aontais Eorpaigh a chuirtear i bhfeidhm ar tháirge atá ina chomhpháirt de tháirge casta mar bheith nua agus gné shainiúil a bheith aige ach amháin a mhéid, ar thaobh amháin, atá an chomhpháirt, a luaithe a chuirfear isteach sa táirge casta í, infheicthe le linn ghnáthúsáid an táirge sin (Airteagal 4(2)(a) den Rialachán sin) agus, ar an taobh eile, a dhéantar le saintréithe infheicthe na comhpháirte, iontu féin, na ceanglais maidir le húrnuacht agus le gné shainiúil a chomhlíonadh (Airteagal 4(2)(b) den Rialachán sin). Dá bhrí sin, is léir ó léamh comhcheangailte ar an dá choinníoll sin, d'fhoill dearadh an Aontais Eorpaigh den sórt sin a chosaint, nach mór an chomhpháirt ar a gcuirtear i bhfeidhm é a bheith infheicthe le linn ghnáthúsáid an táirge chasta atá i gceist, gan a cheangal, áfach, go mbeidh an chomhpháirt sin infheicthe ina hiomláine.

Ní chuirtear bac le hinfheictheacht pháirteach na comhpháirte atá i gceist, a luaithe a chuirfear i bhfeidhm ar an táirge casta í, le linn ghnáthúsáid an táirge sin, ar shaintréithe infheicthe an dearaidh sin a chosaint, ar choinníoll go ndéantar na ceanglais maidir le húrnuacht agus le gné shainiúil a chomhlíonadh iontu féin. Leis an léiriú nach mór don chomhpháirt a bheith infheicthe 'ina hiomláine' tráth ar leith le linn ghnáthúsáid an táirge chasta, tá baol ann go bhfágfar Airteagal 4(2)(b) de Rialachán Uimh. 6/2002 gan bhrí, os rud é nach ndéantar ach saintréithe infheicthe amháin na comhpháirte a chumhdach léi, rud a thugann le tuiscint go bhféadfadh saintréithe eile na comhpháirte a bheith dofheicthe. Tacaítear leis an gconclúid sin le haithris 12 de Rialachán Uimh. 6/2002, ina bhforáiltear don chás nach bhfuil ach saintréithe áirithe comhpháirte infheicthe le linn gnáthúsáid táirge agus ina bhféadfar iad a chosaint ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le húrnuacht agus le gné shainiúil a réamhraíte.

Dá bhrí sin, rinne an Bord Achomhairc earráid dlí agus é ag cinneadh, go háirithe, nach mór an rialaitheoir luais ar cuireadh an dearadh atá faoi chonspóid i bhfeidhm air a bheith infheicthe 'ina iomláine' tráth ar leith le linn ghnáthúsáid an táirge chasta a gcuirtear an rialaitheoir sin i bhfeidhm ina leith,

² Atá luaite le hAicmí 12-11 agus 12-16 de réir bhrí Chomhaontú Locarno an 8 Deireadh Fómhair 1968 lena mBunaítear Aicmiú Idirnáisiúnta i gcomhair Dearaí Tionscail, arna leasú.

³ De réir bhrí Airteagal 25(1)(a) agus (b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(2) agus Airteagal 8(1) den Rialachán sin.

Sa dara háit, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta arbh fhéidir imlínte agus saintréithe aeistéitiúla eile an dearaidh atá faoi chonspóid a idirdhealú le soiléireacht agus cruinneas leordhóthanach chun scrúdú a dhéanamh ar a úrnuacht agus a ghné shainiúil.

I ndáil leis sin, sonraíonn sé gur gá an chuid den táirge nó an chomhpháirt den táirge casta arna cosaint a bheith infheicthe agus teoranta ag saintréithe arb ionann iad agus a cuma ar leith. Dá réir sin, glactar leis gur féidir le cuma na coda sin den táirge nó na comhpháirte den táirge casta, inti féin, tuiscint fhoriomlán a thabhairt agus nach féidir léi cumasc iomlán a dhéanamh leis an táirge ina iomláine.

Ina theannta sin, meabhraíonn an Chúirt nach mór measúnú a dhéanamh ar infheictheacht comhpháirte a chuirtear i bhfeidhm ar tháirge casta ó thaobh úsáideoir deiridh an táirge sin de agus ó thaobh breathnóra sheachtraigh de, agus mar thoradh air sin go bhféadfadh radhairc éagsúla a bheith ábhartha chun méid infheictheachta comhpháirte den sórt sin a chinneadh le linn ghnáthúsáid an táirge chasta ar a bhfuil sé á chur i bhfeidhm. Ar thaobh amháin, áfach, ní mór a mheas gur chuir an Bord Achomhairc na radhairc bhreise arna lua ag an iarratasóir san áireamh. Ar an taobh eile, measann sí fós nach léiríonn an fhianaise arna cur ar fáil ag an iarratasóir, cibé acu ó radharc taobhach nó fiartha, go ndéantar imlínte agus saintréithe infheicthe eile an rialaitheora luais i suíomh feistithe inmheánach a idirdhealú, le linn gnáthúsáid gluaisrothair rásaíochta, le soiléireacht agus cruinneas leordhóthanach chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar a úrnuacht agus a ghné shainiúil. Go bunúsach, déantar cumasc iomlán sa táirge ina iomláine leis na codanna infheicthe den rialaitheoir luais i suíomh feistithe inmheánach agus ní féidir tuiscint fhoriomlán a thabhairt leo iontu féin.

I bhfianaise an méid sin thuas, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid, gan earráid mheasúnaithe a dhéanamh, nach gceadaítear leis na codanna infheicthe den rialaitheoir luais i suíomh feistithe inmheánach imlínte agus saintréithe eile an dearaidh atá faoi chonspóid a idirdhealú le soiléireacht agus cruinneas leordhóthanach, agus mar thoradh air sin nach ndéantar an ceanglas maidir le hinfheictheacht dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, níl aon tionchar ag an earráid sa léiriú ar an Airteagal arna déanamh ag an mBord Achomhairc ar an gconclúid ar tháinig an Bord Achomhairc uirthi sa chinneadh atá faoi chonspóid.